

Cód Iompair



**Gaelscoil na
Camóige**

Gaelscoil na Camóige

AN CÓD IOMPAIR

Éiteas na Scoile:

Is scoil Chaitliceach Rómhánach í Gaelscoil na Camóige. Tá sé mar aidhm ag an scoil forbairt iomlán i ngach gné den pháiste a chur chun cinn: go hintleachtúil, fisiciúil, cultúrtha, morálta agus spioradálta, agus caidreamh beo beathach le Dia agus le daoine eile mar chuid de seo. Cuireann an scoil fealsúnacht saoil chun cinn agus spreagadh againn ón gcreideamh i nDia agus i saol, bás agus aiséirí Íosa Chríost. Cuireann Gaelscoil na Camóige oideachas reiligiúin ar fáil do na daltaí i gcomhpháirt le teagasc, cleachtais agus traidisiún na hEaglaise Caitlicigh Rómánaigh agus cuireann an scoil forbairt na ndaltaí sa chreideamh Caitliceach chun cinn.

Cuimsitheacht: maidir le páistí a bhfuil riachtanais fhisiciúla nó riachtanais oideachais speisialta orthu go háirithe.

Comhionannas agus rannpháirtíocht i ngiomhaíochtaí scoile.

Meas ar ilghnéitheacht luachanna, cleachtais, teangacha agus slite beatha éagsúla na sochaí.

Is mian leis an scoil go nglacfaidh gach teaghlaigh a fhreastalóidh ar an scoil le teanga agus cultúr na scoile.

Dréachtadh an cód seo tar éis dul i gcomhair le múinteoirí, tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta. Tá tacaíocht agus comhoibriú tuismitheoirí agus múinteoirí riachtanach má tá an cód le bheith éifeachtach.

Nuair a bhí an cód seo á chur le chéile, rinneadh machnamh ar shainriachtanais agus ar shaintosca na scoile seo againne. Tá sé mar aidhm leis seo féinsmacht a fhorbairt i ngach uile pháiste tríd an ndea-iompar a mholadh agus luach saothair a bheith air sin. Aithnítear an ceart atá ag gach páiste oideachas a fháil i dtimpeallacht atá saor ó iompar toirmeascach. Leagann na múinteoirí béis níos mó ar luachanna saothair ná mar a leagann ar phíonóis mar go gcreideann siad go mbainfidh an cur chuige seo na tortaí is fearr amach go fadtreímhseach.

Tá cur síos déanta go soiléir sa pholasaí ar céin luachanna saothair agus céin píonóis a úsáidtear – agus an cultúr dearfach foghlama a chruthú inar féidir leis na páistí dul chun cinn a dhéanamh mar sprioc uileghabhálach leanúnach den bpolasaí.

Tá trí ghné ag teastáil chun críocha an Chóid seo, le hobair a dhéanamh as lámha, trí ghné lárnach de chuid an Phobail Scoile, eadhon:

Tá na múinteoirí agus an fhoireann scoile tiomnaithe do pháistí na scoile a mholadh i dtaobh iad féin a iompar go maith, obair dhian a dhéanamh agus taitneamh a bhaint as an scoil. Agus teipthe ar an gcóras luacha saothair, cuirfear an córas píonóis i bhfeidhm go leanúnach, go cothrom agus go cóir.

Bítear ag súil le go mbeidh páistí ar scoil in am agus an éide scoile cheart orthu agus na hacmhainní scoile cuí leo. Ní mór do pháistí iad féin a iompar go maith agus gan cur isteach ar pháistí eile ná ar an bhfoireann scoile. Ní mór do pháistí a ndícheall a dhéanamh chun obair dhian a dhéanamh agus chun na foghlama.

Ní mór do thuismitheoirí tacaíocht a thabhairt dá bpáistí agus don Scoil, ar gach bealach agus is féidir, chun a chinntíú go gcruthaítar atmaisféar dearfach chun foghlama agus fáis do na páistí.

Tá **Córas Duaise** agus **Córas Píonóis** i gceist leis an gCód Iompair.

AN CÓRAS DUAISE



Tá Cárta Réalta ar a bhfuil cúig chearnóg is tríocha i nDialann Oibre Baile gach páiste ó Rang a 1 ar aghaidh.

Tá na cearnóga leagtha amach i dtrí chuid, don trí théarma scoile. Líonnann gach páiste a chárta réalta, trí réaltaí a ghnóthú d'obair scoile, meas a léiriú, cneastacht is irl.

Bronntar réaltaí ar na cúiseanna seo a leanas:

- cineáltais a léiriú i leith páistí eile sa rang
- ag léiriú measa agus ag roinnt
- ag tabhairt aire do pháistí eile
- an fhírinne a insint
- a bheith freagrach as a ngímh féin
- páirt a ghlacadh in obair ranga
- iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar an iompar / obair
- obair bhaile nó obair scoile curtha i gcrích i gceart
- obair dheas néata
- scór ard ar scrúduithe ranga nó feabhas a bheith ag teacht ar an scór ó sheachtain go seachtain
- gné ar bith den iompar nó den obair bhaile nó gné ar bith scoile ar soiléir don mhúinteoir é go bhfuil an páiste ag iarraidh feabhas a chur ar an obair.

Foghlaimíonn gach páiste ag a luas agus ag a leibhéal féin. Beidh an rud lena mbeidh an múinteoir ag súil éagsúil ó pháiste go páiste. Bronnfaidh múinteoirí réaltaí ar pháistí, mar sin, agus cumas, scileanna agus luas foghlama an pháiste aonair á gcur san áireamh. Bheadh réalt tuillte ag páiste a bhfuil riachtanas speisialta orthu as frása simplí Gaeilge a úsáid, ach bheadh ar pháiste nach bhfuil riachtanas speisialta orthu frása níos deacra a úsáid chun an réalta a fháil.

Rud atá tábhachtach a aithint ná nach mbeadh sé cuí a bheith ag súil le mo mbeidh gach páiste ag an leibhéal céanna i ngach gné den saol scoile. Beidh sé faoin múinteoir nó an Príomhoide, mar sin, an leibhéal ag a bhfuil gach páiste ag déanamh a díchill chun go mbeadh duais réalta ag dul dóibh.

Gheobhaidh an páiste bonn de réir mar a línann sé nó sí na cearnóga (bonn cré-umha ar an gcéad dhá bhosca déag, bonn airgid ar an gcéad dhá cheann déag eile agus bonn ór ar an gcárta ar fad a bheith lán).

An sprioc atá ann ná an lín is mó daltaí agus is féidir a mholadh i dtreo gach cuid a línadh agus duais agus aitheantas a fháil as é sin a dhéanamh. Gheobhaidh gach páiste bonn amháin ar a laghad in aghaidh na scoilbhliana.

Duaiseanna Eile

Taobh amuigh den chóras duaise a leagadh amach thusas, is minic ráite é nach féidir an briathar tais ó mhúinteoir nó spreagadh ón bPríomhoide, aoibh an gháire, tráchtairreacht dhearfach, nóta molta sa dialann is irl., a bhualadh agus an dea-iompar á spreagadh.

Cabhróidh na gnéithe seo maraon le duaiseanna eile amhail sticéirí agus pasanna oibre baile chun cultúr dearfach croíúil a chothú sa scoile seo againne.

AN CÓRAS PÍONÓIS

Cé go leagtar béim níos mó tríd síos an chóid iompair ar dhuaiseanna ná a mhalaир, tá gá le córas píonóis, dár ndóigh.

Braitheann an ghné seo den chóras go mór ar thuiscint agus ar chomhoibriú tuismitheoirí agus múinteoirí. Táthar ag súil le dea-chaidreamh baile / scoile a chothú leis seo.

Tá sé bunaithe ar chóras trí chárta le cur in iúl do thuismitheoirí faoi eachtraí mí-iompair, easpa iarrachta maidir le hobair scoile, easumhlaíocht, easurraim do dhaoine eile agus do mhaoin srl.

Is iad na cártaí ná:

CÁRTA BÁN: Le haghaidh mionchioranna.

CÁRTA BUÍ: Le haghaidh beagshárú riailbhéasa nó tar éis trí chárta bána.

CÁRTA DEARG: Le haghaidh mí-iompar tromchúiseach, nó tar éis naoi gcárta bána nó trí chárta bhuí.

Tugtar cártaí ag brath ar an gcineál mí-iompar agus ar an gcineál cárta a tugadh don eachtra deireanach mí-iompar. Coimeádfaidh na múinteoirí cuntas de na cártaí a thugtar amach. Beidh an múinteoir agus an Príomhoide ag obair le cheile chun a chinntiú go mbeidh leanúnachas ann ó thaobh cártaí a thabharfar do pháistí de. Tá gach cás éagsúil agus ní mór plé le gach cás ar bhonn aonair agus beidh gné de bhreithiúnas agus rogha an mhúinteora lárnach i gcónaí, mar sin.

Seoltar na cártaí abhaile le síniú ag an tuismitheoir agus cuirtear ar ais láithreach chuig an múinteoir iad. Sa chaoi seo beidh tuismitheoirí páirteach sa ghnó seo go luath sula dtéann an chuíos go cnámh na huillinne.

Má fhaigheann páiste cárta dearg iarrfar ar a thuismitheoirí teacht go dtí an scoil chun bualadh leis an múinteoir ranga agus an príomhoide. Oibreoidh na tuismitheoirí agus na múinteoirí le cheile le hiompar an pháiste a fheabhsú. Beidh ar an bpáiste bileog “Measúnú Laethúil” a chomhlánú gach lá ar feadh seachtaine ina dhiaidh sin, nó níos faide más gá. Pléifear aon dul chun cinn leis na tuismitheoirí ag an gcéad cruinniú eile. Leanfaidh na cruinnithe seo ar feadh tréimhse a mheastar a bheith cuí. Ní de rogha ar sin déanfar machnamh dháiríre ar pháiste a chur ar fionraí ón scoil má tharlaíonn mí-iompar tromchúiseach, nó mí-iompar míchuibheasach ar bhonn leanúnach atá cárta dearg mar thoradh air.

Sa chás ina cheaptar gur chóir páiste a chur ar fionraí, is féidir an páiste a choinneáil amuigh ar feadh trí lá ar a mhéid don chéad uair agus ar feadh deich lá ar a mhéid aon uair ina dhiaidh sin.

Déanfaidh gach ball foirne sár-iarracht bheith cothrom sna píonóis.

RIALACHA NA SCOILE

*Tá rialacha na scoile bunaithe ar dhá phrionsabail:
Meas agus Freagracht*

1. Is í an Ghaeilge teanga na scoile. Labhróidh na páistí i gcónaí í sa scoil, sa chlós agus ar gach imeacht scoile.
2. Léirigh meas ar agus bí báisach leis na múinteoirí, cuairteoirí agus daltaí.
3. Déan an obair scoile agus an obair bhaile go díograiseach agus go néata i gcónaí. Mura bhfuil obair bhaile déanta agat bíodh nota do do mhúinteoir ag míniú an fhátha.

4. Bí in am i gcónaí. Má tá tú déanach ag teacht ar scoil, má chaitheann tú an scoil a fhágáil go luath, nó má chailleann tú lá scoile ar chúis ar bith, bíodh nóta agat do do mhúinteoir agus míniú air sin.

5. Bíodh meas agat ar do scoil, do sheomra ranga, agus ar fhearas na scoile. Ná caith bruscar nó ná déan damáiste ar aon rud a bhaineann leat féin nó le duine eile.

6. Caith an éide scoile agus an éide spóirt scoile ar na laethanta cuí. Mura bhfuil an éide ceart agat bíodh nóta agat do do mhúinteoir ag míniú an fhátha.

7. A bheith ionraic agus gan an fhírinne a cheilt.

Taobh amuigh de seo is iad seo a leanas na bealaí neamhfhoirmeáilte píonóis atá ann:

- D’fhéadfáí páistí a chur ag bord ciúin – páiste a chur chuig seomra eile ina bhfuil duine i bhfeighil air – cuirfear nóta abhaile chun na tuismitheoirí a chur ar an eolas sa chás seo.
- Cuirtear an páiste ar an eolas nach bhfuil a gcuid iompair incheadaithe.
- D’fhéadfadh an múinteoir labhairt leis an bpáiste.
- D’fhéadfáí tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le hiompar páiste sula dtugtar cárta don pháiste.
- D’fhéadfáí leagan amach na gcathaoireach sa seomra ranga a athrú.
- Seans go mbeadh ar an bpáiste obair atá ar chaighdeán neamhshásúil a dhéanamh arís.
- D’fhéadfáí páiste a chur ar cuairt ar an bPríomhoide – cuirfear nóta abhaile chun na tuismitheoirí a chur ar an eolas sa chás seo.

Rialacha Chlós na Scoile: Is iad páistí Ranganna a Trí, Ceathair agus Cúig a cheap na rialacha seo.

- Labhair Gaeilge i gcónaí
- Siúl nó damhsaigh thart ar an gclós.
- Imir go sábháilte
- Bí cineálta le daoine eile
- Léirigh meas ar dhaoine eile ar an gclós –múinteoirí, páistí, cuairteoirí is irl.
- Bain taitneamh as d’am súgartha
- Imir cluichí go féarálte, agus lean na rialach
- Labhair le múinteoir/cúntóir riachtanais speisialta má bhíonn fadhb ann.

Rialacha Eile Chlós na Scoile

- Caithfidh gach páiste fanacht laistigh de limistéar maoirseachta na múinteoirí agus na gcúntóirí riachtanais speisialta.
- Caithfidh na páistí cead a lorg chun dul go dtí an leithreas.
- D'fhéadfáí, i gcásanna áirithe, páiste a choinneáil ón súgradh ar an gclós ar feadh tréimhse ama, dá dtarlódh sé go mbeadh páiste(i) eile i mbaol mar thoradh ar iompar an pháiste sin.
- Caithfidh an páiste dul go dtí an múinteoir agus/nó an cúnntoir riachtanais speisialta sa chás go mbíonn fadhb ar bith ann, gortú ar bith nó tinneas ann. Níl cead ag páiste ar bith a bheith isitgh in ó taobh thiar d'fhroigneamh ar bith scoile i rith ama sosa gan cead a bheith acu é sin a dhéanamh.
- D'fhéadfáí páiste ar bith a sheoladh go dtí an ‘balla machnaimh’ ar feadh tréimhse ama ar mhaithe le machnamh a dhéanamh ar a gcuid iompair.
- Tá cosc ar liathróidí peile a bheith ar an gclós ar maidir roimh thús an lae scoile.
- Buailtear clog chlós na scoile uair amháin chun na páistí a chur ar an eolas go bhfuil sé in am dóibh dul isteach sna línte ranga. Fanann na páistí ina staic ar feadh tréimhse beag ama agus siúlann siad go dtí an líne ranga ina dhaidh sin.

Tá Rialacha Chlós na Scoile ar taispeáint i ngach seomra ranga.

An Balla Machnaimh

Is cuid den chlós é an Balla Machnaimh a úsáideann na páistí ar mhaithe le machnamh a dhéanamh. Caitheann páistí a bhriseann na rialacha tréimhse beag ama (5 nóiméad ar a mhéad) ann chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid iompair ar an gclós nó sa seomra ranga.

- Caithfidh na baill foirne atá i mbun maoirseachta ar an gclós fiafraí den pháiste an bhfuil machnamh déanta acu nó nach bhfuil ar a gcuid iompair agus cinneadh ar bith a d'fhéadfadh a bheith glactha acu sula bhfillfidh siad ar an súgradh.
- Scríobhann an múinteoir ainm an pháiste i bhfillteán ar an gclós.
- Déanann an Príomhoide an fillteán a sheiceáil gach seachtain. Má tá ainm páiste ann trí huaire in aon seachtain amháin, tabharfar obair bhreise don pháiste le déanamh sa bhaile. Caithfidh na tuismitheoirí é seo a shíniú agus é a thabhairt thar n-ais go dtí an Príomhoide an mhaidin dár gcionn.
- An t-am uasta a bheidh ag páiste ag an mBallá Machnaimh ná **cúig nóiméad**.
- Tá sé de dhualgas ar an meitheal oibre atá i mbun maoirseachta ar an gclós síul a choinneáil ar an mBallá Machnaimh agus gach páiste a scaoileadh chun dul ag súgradh agus an tréimhse ama thatar.
- Cuirfidh ball den bhfoireann atá i mbun maoirseachta ar an gclós an múinteoir ranga ar an eolas má bhíonn páiste ó rang an mhúinteora sin ag an mBallá

Machnaimh. Ní bheidh píonóis ann ón múinteoir ranga toisc go mbeidh am caite ag an bpáiste ag an mBalla Machnaimh cheana féin.

- Fanfaidh páiste ó na Naónáin Bheaga le duine den bhfoireann ar feadh cúig nóiméad i rith Théarma a hAon agus a Dó más gá.
- Ní chuirfear na Naónáin Bheaga go dtí an Balla Machnaimh go dtí Téarma a Trí.
- Is faoin múinteoir aonair é an cinneadh a ghlaicadh maidir leis an tréimhse ama a bheidh i gceist don pháiste a bheidh ag an mBalla Machnaimh. Más é an múinteoir ranga a sheolfaidh an páiste go dtí an Balla Machnaimh ní mór don múinteoir sin cur i gcuimhne don bpáiste agus é nó í ag fágáil an tseomra ranga go bhfuil orthu ama a chaitheamh ag an mBalla Machnaimh.
- Tabharfar ‘cárta bán’ do pháiste ar bith ó Ranganna a hAon go dtí a Sé má bhíonn a gcuid iompair foréigneach, amhail ciceáil nó dorn a chaitheamh is irl.

Éide Scoile

Is féidir earraí a bhfuil suaitheantais orthu (carbhat, culaith spóirt na scoile, bríste gearra na scoile agus cóta scoile) a cheannach ag School Wear House, Br. na Mainistreach.

Seo a leanas éide na scoile:

An Geansaí Scoile (agus suaitheantas air)

Léine bhán

Carbhat fíondaite

Bríste liath

Sciorta / pilirín liath

Bróga dubha ísle- Níl bróga reatha ceadaithe

Stocaí / riteoga fíondaite, bán nó liath

Bríste gearra don aimsir the (féach thíos)

An Chulaith Spóirt:

Éide Spóirt Scoile (agus suaitheantas air)

T-léine liath agus bona air

Bróga reatha

- Caithfear culaith spóirt na scoile a chaitheamh Déardaoin agus Dé hAoine, laethanta go mbíonn corpoideachas ar siúl sa scoil.

- Níl cead dath a chur sa ghruaig.
- Tá cosc ar shlabhraí.
- Tá cosc ar smideas.
- Caithfidh stíleanna gruaige a bheith oiriúnach, néata, glan agus slachtmhar.
- Tá cead ag buachaillí stoda amháin a chaitheamh agus tá cead ag cailíní dhá stoda a chaitheamh. Tá cosc ar fháinní cluaise fada.
- Tá cosc ar fháinní.
- Caithfear gruaig fhada a cheangal siar (buachaillí agus cailíní)
- Caithfear bróga dubha ísle a chaitheamh. Tá cead bróga reatha a chaitheamh leis an chulaith spóirt amháin.
- Tá cead buataisí dubha ísle a chaitheamh i rith an Gheimhridh agus é an-fuar.

Éide an tSamhraidh:

Tá cead bríste gearra na scoile a chaitheamh agus aimsir the ann má fhaigheann na tuismitheoirí téacs-scéal/litir mar gheall air seo. Bríste gearra na scoile a chaithfidh a bheith ann, ar féidir iad a cheannach ag School Wear House. Is féidir leis na páistí léine phóló na scoile agus geansaí spóirt na scoile a chaitheamh leis na bríste gearra. De rogha air sin is féidir bríste spóirt na scoile a ghearradh chun bríste gearra a dhéanamh. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas le téacs-scéal/litir nuair a bheidh cead ag na páistí éide an tsamhraidh a chaitheamh.

- Cuirfear glaoch nó litir ón bPríomhoide abhaile (imthosca maolaitheacha incheadaithe) mura mbíonn **GACH CUID** d'éide na scoile á caitheamh ag an bpáiste trí huaire in aon mhí amháin.

Na Rialacha Ranga

Cuirfidh na múinteoirí ranga rialacha an ranga i bhfeidhm ina gcuid ranganna féin. Beidh leanúnachas ann idir na Rialacha Ranga agus Rialacha na Scoile agus an Cód Iompair seo ar an ionlán. Seoltar Rialacha Ranga amach chuig na tuismitheoirí ag túis mhí Mheán Fómhair.

Tinreamh agus Poncúlacht

Tá sé fíorthábhachtach go mbunaítear dea-chleachtais maidir le tinreamh agus poncúlacht sa scoil. Coiníonn an scoil taifid den tinreamh (An tAcht Oideachais, 1998) agus den bponcúlacht.

Déantar taifead go leictreonach ar an tinreamh gach maidin. Mura mbíonn an páiste ar scoil faoin am go nglaotar an rolla déantar a thaifead go bhfuil an páiste sin as láthair. Níl aon soláthar ann chun an taifead sin a athrú má thagann an páiste ar scoil tar éis don mhúinteoir an rolla a ghlaoch.

Déantar asláithreacht os cionn 20 lá a chur in iúl do Tusla (An Ghníomhaireacht Um Leanaí agus an Teaghlaigh) rud atá ag teacht le dualgas na scoile um an Acht Oideachais.

- Má tá dalta as láthair trí huairé in aon choicís amháin déanfaidh an Príomhoide glaoch gutháin nó litir a sheoladh (imthosca maolaitheacha incheadaithe)

Bia agus Deoch

Is mór againn sa Scoil seo againne go spreagaimid stíl bheatha fholláin i measc ár ndaltaí. Caithfidh, mar sin, gach páiste Polasaí Lóin Shláintiúil na scoile a leanúint.

Tá cosc ar bhia agus deoch ar chlós na scoile.

Tá cosc ar ghuma coganta ar scoil.

Cad é atá á Lorg Againn ón bPobal Scoile

Chun sábháilteacht na bpáistí a chinntí, is í an fhoireann mhúinteoireachta amháin a cheartóigh daltaí ar scoil. Má tá fadhb ar bith ag tuismitheoir le dalta caithfidh siad é sin a chur in iúl do dhuine den bhfoireann mhúinteoireachta.

Tá cosc iomlán ar chaitheamh tobac áit ar bith ar an áitreamh scoile, taobh istigh nó taobh amuigh.

Tá cosc ar mhadraí ar an áitreamh scoile ag am ar bith (níl madra cúnaimh san áireamh anseo).

Cad é is Féidir le Tuismitheoirí a Dhéanamh chun Cabhair a Thabhairt

Le do thoil:

- Déan cinnte de go bhfreastalaíonn an páiste agatsa ar an scoil agus go mbíonn siad in am.
- Úsáid an méid is mó Gaeilge agus is féidir leat agus tú ar láthair na scoile.
- Bí círtéiseach agus léirigh meas ar a chéile, ar dhaltaí agus ar an bhfoireann scoile i gcónaí.
- Más mian leat bualach leis an mhuinteoir/an Príomhoide déan coinne tríd an oifig.
- Iarrtar ar thuismitheoirí gan dul go dtí na seomra ranga le teachtaireachtaí nó dul ann agus iarracht a dhéanamh labhairt leis an mhuinteoir. Caithfidh tuismitheoirí dul díreach go dtí an oifig.
- Cuir lipéad ar chótaí agus ar mhaoin pearsanta eile.
- Coinnigh súil ghéar ar pháistí réamhscoile agus iad ar fhearrann na scoile.
- Déan cinnte de go mbíonn daoine a bhailíonn na páistí, feighlithe, seantuismitheoirí is irl. ar an eolas faoin gcód.
- Spreag páistí i gcónaí agus léirigh suim san obair ranga agus san obair bhaile.

Seoltar Foirm Eolais chuig tuismitheoirí gach páiste sa scoil ag túis gach bliana. Iarrtar ar mhúinteoirí tic a chur in aghaidh na bliana sa bhosca a thugann le fios go dtacaíonn siad leis an gCód Iompair ar scoil. Seoltar na foirmeacha seo ar ais go dtí an oifig.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcód seo i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2015.

Déanfar athbhreithniú ar an gcód seo gach trí bliana.

Gaelscoil na Camóige

Code of Conduct

School Ethos:

Gaelscoil na Camóige is a Roman Catholic school which aims to promote the full and harmonious development of all aspects of the person of the pupil: intellectual, physical, cultural, moral and spiritual, including a living relationship with God and with other people. The school models and promotes a philosophy of life inspired by belief in God and in the life, death and resurrection of Jesus Christ. Gaelscoil na Camóige provides religious education for the pupils in accordance with the doctrines, practices and tradition of the Roman Catholic Church and promotes the formation of the pupils in the Catholic Faith.

Inclusiveness, particularly in relation to children with any physical or special educational needs.

Equality, and inclusion in the school activities.

Respect for the diversity of values, beliefs, languages and ways of life in society.

It is the expressed wish of the school that every family attending will embrace the language and culture of the school.

This code has been drawn up after a process which involved consultation with teachers, parents and the Board of Management. The support and co-operation of all of the partners in education in our school are essential if the code is to be effective.

In devising the code, consideration has been given to the particular needs and circumstances of our school. The aim is to develop self-discipline and self-esteem in each child by encouraging and rewarding good behavior. It recognizes the right of each child to education in a disruption-free environment. In school the focus will always be on promoting good behavior through constant praise and taking time to acknowledge and reward the good behavior.

It is also good practice to include in our policy a range of agreed sanctions that will be used to correct misbehavior.

This policy aims to clearly define what rewards and sanctions are used- all with the constant overarching aim of creating a positive learning culture where all our children can thrive.

This Code requires the three pillars of our School Community to work together:

Teachers and staff are committed to encouraging children to behave well, work hard and enjoy school. Where the reward system doesn't work the correction system will be applied consistently, proportionately and fairly.

Children are expected to be in school on time with the correct uniform and all the necessary materials. Children should behave well and not encroach on other pupils or staff. Children should do their best to work hard and learn.

Parents should support their children and the School in every way possible to ensure that we create a really positive environment for the Children to learn and grow.

Our Code comprises of a **Reward System** and a **Correction System**.

THE REWARD SYSTEM



Each child from 1st class up has a Cártá Réalta (stars) in his / her Dialann Obair Bhaille (Homework Journal) with thirty-five squares.

These squares are arranged in three sections, representing the three terms of the school year. A child fills his / her cártá Réalta by being awarded Réaltaí (stars) for good behavior and achievement in the areas of schoolwork, respect, kindness to others etc. Réaltaí can be awarded for:

- Kindness shown to others in the class
- showing respect and sharing
- taking care of others
- telling the truth
- taking responsibility for their actions
- participating in class work
- trying to improve behavior/ work
- homework or school work correctly completed
- neat and tidy work
- high score on class tests or improving test score from week to week.
- any area in school/homework/behavior where it is clear to the teacher that the child is attempting to improve their work

Each child learns at their own pace and level. Teachers expectations will be different for each child, therefore, teachers will award stars to children, taking into account differing abilities, skills and pace of learning. i.e. a child with language difficulties might be awarded a star for saying a simple phrase in Irish, but another child in the same class without language difficulties might need to say a more difficult phrase to be awarded a star.

Importantly, it would obviously be unfair to expect all children to be at the same levels in all areas of school life. Therefore, the class teacher or Principal shall judge at what level each child is doing his / her best so as to be awarded a réalt.

Each child will receive a medal as he/she fills the squares (bronze for the first 12 boxes, silver for the next section and gold for the entire card filled)

The aim would be to encourage as many pupils as possible to fill in each section and receive recognition and/or a prize. Every child would receive at least one medal in a school year.

Other Rewards

Apart from the above reward system of realtaí as outlined above it is of course well noted here that the best reinforcer of good behaviour is often a kind word from a teacher or encouragement from the Príomhoide, a smile, a positive comment, a note of praise in the journal etc.

These along with other concrete rewards such as prizes, stickers and homework passes will serve to create a positive cheerful culture in our school.

THE CORRECTION SYSTEM

While the overall code places greater emphasis on rewards than on sanctions there is of course a requirement for a correction system.

This aspect of the system relies heavily on the understanding and co-operation of parents and teachers and is designed to establish good home / school communication so that pupils can understand what they did wrong and learn from mistakes.

It is based on a three card system to inform parents of misbehavior, lack of effort in schoolwork, disobedience, disrespect for others, disrespect for property etc.

The cards are:

CÁRTA BÁN: For minor offences such as disobedience or lack of effort.

CÁRTA BUÍ: After three cártá bána or for a more serious, than minor offence, for example, disrespecting other people or property.

CÁRTA DEARG: For a serious offence or following nine cártá bána/three cártá buí. A serious offence could include, for example, acts of aggression.

Cártaí are given according to the nature of the misbehavior, and depending on the kind of cártá given for the last incident of misbehaviour. The teachers will keep a record of cártaí given to children. The teachers will work together with the Principal to ensure that there is a consistent approach to the giving out of cártaí. Every incident is unique and different so some element of discretion and teacher judgement will need to remain.

Cártaí are sent home to be signed by parents and returned immediately to the teacher. In this way parents will be involved at an early stage of behaviour management rather than as a last resort.

On receipt of a cárta buí, parents will be invited to the school to meet the class teacher and principal. The child's behaviour will be discussed and parents and teachers will plan together to improve the behaviour. The child will fill in a "Daily Assessment Sheet" each day for the following week, or for longer if necessary. Progress will be discussed with parents at the next scheduled meeting. These meetings will continue for as long as is necessary.

For gross misbehaviour or repeated instances of serious misbehaviour leading to a cárta dearg, suspension will be seriously considered. Where suspension is deemed necessary, a pupil may be suspended for up to three school days on the first occasion and up to ten school days thereafter. Appeals can be made in writing to The Board of Management.

Staff are committed to be balanced, proportionate and fair when correcting children.

SCHOOL RULES

*Our school rules are based on two Principles:
Respect and Responsibility*

1. Irish is the language of our school. Pupils always speak Irish in the school, in the yard and on all school occasions.
2. Always show respect for, and be mannerly to teachers, visitors and fellow pupils.
3. Be diligent and neat in both classwork and homework. If all of your homework is not done give a note to your teacher to explain why.
4. Be punctual. If you arrive late to school, have to leave school early, or are absent from school for whatever reason give a note to your teacher to explain why. It is very important that pupils are encouraged and supported by parents to be on time for school.
5. Always show respect for your school, classroom and school equipment. Do not litter and do not damage items belonging to yourself or to others.
6. Wear the school uniform or school tracksuit on the appropriate days. Show respect for your school uniform at all times. If you are not wearing your uniform give a note to your teacher to explain why.
7. Be honest and do not cover up the truth.

Outside of the Cáarta system the other forms of more informal correction that may be used are:

- Child may be seated on a bord ciúin/ quiet area- A child may be sent to another supervised classroom for a short period of time – note will be sent home to inform parents
- The pupil is made aware of the fact that his/her misbehaviour is unacceptable
- The pupil may receive a verbal reprimand from the teacher
- Parents may be notified of behaviours before a cáarta has to be issued
- Badly presented work may have to be redone
- The seating arrangements in class may be changed
- A pupil may be sent to see the Principal- note will be sent home to inform parents

Yard Rules:

Children from Third, Fourth and Fifth Classes devised these rules.

- Speak Irish at all times
- Walk or skip on the yard.
- Play safely
- Be kind to others
- Show respect for others on the yard- teachers, children, visitors etc.
- Enjoy your playtime
- Play games fairly, following the rules
- Speak to a teacher/SNA if there is a problem

Other Yard Rules

- Every child must remain within view of the teachers/SNA's supervising.
- Children have to ask permission in order to go to the toilet.
- In certain circumstances, where the safety of other children on the yard is in danger, due to misbehavior of a child, that child may be excluded from play for a period of time.
- Children must go to teacher/SNA supervising the yard in the case of any difficulty or problem, or any injury or sickness. No child is allowed into or behind any school building during break times without permission.
- Any child who misbehaves may be sent to the ‘balla machnaimh’ or ‘reflection wall’, for a time out and in order to think about their behaviour.
- Footballs are not allowed on the yard in the morning before school.
- The bell is rung once to announce to the children that it’s time to go to their class lines. They freeze for a moment when the bell rings and then walk to their line

The Yard Rules are displayed in each class.

Balla Machnaimh

This is an area of the schoolyard, which the children use as a “time-out” or “reflection” area. Children who break the rules must spend a short period of time (Max.5 min.) at this area to reflect on their misbehavior on the yard or in the classroom.

- The staff supervising the yard asks the child if they have reflected on their behaviour and on any decisions they might have made prior to allowing them to return to play.
- The teacher writes the child’s name in a folder on the yard.
- Every week, the Principal checks this folder. If a child’s name is written three times in a week, extra work is sent home to be completed by the child. This must be signed by a parent and returned to the Principal the following morning.
- **Five minutes** is the maximum time a child will spend at this area in one given time.
- It is the duty of the staff supervising the yard to monitor the Balla Machnaimh and to allow the child to return to play when the time has passed.
- A member of staff supervising the yard will inform the class teacher if a child from their class spent time on the Balla Machnaimh. The class teacher will not further reprimand the child as he/she has spent time at the Balla Machnaimh.
- Junior Infants misbehaving on yard during Term 1 and 2 will stay with a member of staff on yard for five minutes or longer if needed.
- Junior Infants will not be placed at the Balla Machnaimh until Term 3.
- The period of time and the use of the Balla Machnaimh are at the discretion of every teacher in the school. If Balla Machnaimh is used due to misbehavior in the class, the class teacher must remind the child when leaving the room why they are to spend time at the Balla.
- A “cárta bán” will be issued to any child from 1st to 6th Class if their behaviour is violent i.e. kicking, punching etc.

Éide Scoile / School Uniform

Crested items, tie, school tracksuit, school shorts and school coat can be purchased from School Wear House, Monastery Rd.

The school uniform is as follows:

Geansaí Scoile / *School Jumper (crested)*

Léine bhán / *White shirt / blouse*

Carbhat ffón-daite / *Wine-colored tie*

Bríste liath / *Grey trousers*

Sciorta / gúna liath / *Grey skirt or Pinafore*

Bróga dubha ísle- Níl bróga reatha ceadaithe / *Black flat shoes - Runners are not permitted*

Stocaí / riteoga / fíon daite / bán / liath
Wine-colored / white / grey / socks / tights

Bríste gearra don aimsir the/ *School Shorts for warm weather-* féach thíos/see below

Sport Uniform:

Éide Spóirt Scoile / *School Tracksuit (crested)*

T-léine liath le bóna / *Grey t-shirt with a collar*

Bróga reatha/ *runners*

- On physical education days, Thursday and Friday, the Gaelscoil tracksuit and runners must be worn.
- No dye or color in hair.
- No chains.
- No make-up.
- Hairstyles must be appropriate, neat, clean and tidy
- No rings allowed.
- Long hair tied back- boys and girls

- Flat black shoes must be worn. Runners/sports footwear is allowed with school tracksuit only.
- In winter months, when weather is very cold, flat, black ankle-boots are allowed.
- One earring stud allowed for boys and two studs for girls. No long earrings.

Summer Uniform:

School shorts are allowed during warm weather when parents are notified by text/letter. The shorts must be Gaelscoil shorts, available to purchase from School Wear House. Children can wear school polo shirt and school sports jumper with the shorts. Alternatively, it is permitted to cut old school tracksuit bottoms to shorts. Parents will be notified by text/letter when the summer uniform is permitted.

- Not wearing ALL proper school clothes 3 times in a month = phone call or letter from Principal (extenuating circumstances allowable)

Class Rules

Teachers will employ Class Rules to manage their own classes. The Class Rules will be consistent with the overall School Rules and this Code. Class Rules are sent out to parents in September each year.

Attendance/Punctuality

It is very important that good practices regarding attendance and punctuality are established in the school. The school keeps records of attendance (Education Act, 1998) and keeps records of punctuality.

Attendance is recorded electronically every morning. If a child is late for school and is not present at the time of roll call that child is marked absent. There is no provision to change the attendance record if a child arrives after the roll call.

Absences over 20 days are reported to Tusla (Child & Family agency) in accordance with requirements of Education Act.

- If a pupil is late 3 times in a fortnight parents will receive a phone call or letter from Principal (extenuating circumstances allowable)

Food and Drink

It is a key value of our School that we encourage a healthy lifestyle for our pupils.

Therefore, every child must follow the school's Healthy Lunch Policy.

Food and drink are not permitted in the schoolyard.

Chewing gum is not permitted at school.

What we ask from the School Community

In order to ensure the children's safety, it is strictly the teaching staff only who will correct pupils in the school. Any parent who has an issue with a pupil must report it to a member of the teaching staff.

Smoking is strictly forbidden anywhere on the school premises, indoors or outdoors.

Dogs are not permitted on school grounds at any time. (Assistance dogs excluded)

What can Parents do to help

Please;

- Ensure children attend school and are punctual.
- Use as much Gaeilge as possible on school grounds.
- Be courteous and respectful with each other, pupils and staff at all times.
- If you wish to meet with a teacher/the Principal make an appointment through the office
- Parents are asked not to go to classrooms with messages or seeking to speak with teachers. Parents must go directly to the office.
- Label pupil's coats and other personal property
- Keep a close eye on pre-school children, when on the school grounds.
- Ensure anyone who might be collecting children- child minders, grandparents etc. are aware of the code.
- Always encourage children and show an interest in classwork and homework.

Every year an Information Form is sent to parents of every child in the school. Parents are requested each year to tick the box agreeing to support The Code of Behavior in the school. These forms are returned to the office.

This code of conduct was reviewed in October 2015

This code will be reviewed every three years